Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0001(NLE)**

**6254/22**
**ADD 1**

**VISA 30**
**MIGR 49**
**COASI 37**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú i ndáil le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach<br>– Ráiteas ó Mhálta |

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

Admhaíonn Málta go ndealraíonn sé, ar bhonn na dtorthaí ón gCoimisiún Eorpach, go bhfuil saincheisteanna slándála ann maidir leis an gcaoi a bhfuil na próisis saoránachta trí infheistíocht á ndéanamh in Vanuatú agus go bhfuil bonn cirt ar na forais sin le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí mar a mhol an Coimisiún Eorpach. Tá sé sin amhlaidh go háirithe i bhfianaise easpa dianphróiseas i ndáil le dícheall cuí, agus ba cheart do phróisis den chineál sin a bheith ina ngné ríthábhachtach d’aon scéim saoránachta trí infheistíocht. Meabhraítear do Mhálta, mar sin féin, ceannasacht an Stáit maidir le cúrsaí saoránachta.